BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

15 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur le haghaigh réamhrialú – Airteagal 267 CFAE – Raon feidhme na hoibleagáide atá ar chúirteanna agus ar bhinsí náisiúnta tarchur a dhéanamh ag an gcéim dheiridh – Nós imeachta chun achomharc a cheadú ar phointe dlí os comhair cúirt uachtarach Ballstáit – Iarraidh ón bpáirtí atá ag iarraidh cead achomharc ar phointe dlí a dhéanamh chun ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú dhlí an Aontais – Reachtaíocht náisiúnta faoina gceadaítear achomharc ar phointe dlí i gcás ina n-ardaítear ceist dlí atá tábhachtach chun deimhneacht dhlíthiúil, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí nó forbairt an dlí sin a áirithiú – Oibleagáid ar an gcúirt uachtarach náisiúnta scrúdú a dhéanamh i gcomhthéacs an nós imeachta chun achomharc a údarú ar phointe dlí an bhfuil sé iomchuí tarchur a dhéanamh le haghaidh réamhrialú – Na cúiseanna atá leis an gcinneadh ar an gcead chun achomharc ar phointe dlí a dhéanamh a dhíbhe)

I gCás C-144/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach, an tSlóivéin), trí bhreith an 7 Márta 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 9 Márta 2023, sna himeachtaí

KUBERA, trgovanje s hrano in pijačo, d.o.o.

v

Republika Slovenija,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, C. Lycourgos, L. Arastey Sahún, S. Rodin, D. Gratsias, M. Gavalec, Uachtaráin Dlísheomra, A. Arabadjiev (Rapóirtéir), J. Passer,, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: M. Longar, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 5 Márta 2024,

* Teanga an cháis: an tSlóivéinis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– KUBERA, trgovanje s hrano in pijačo, d.o.o., ag A. Velkaverh, odvetnik,

– Rialtas na Slóivéine, ag B. Jovin Hrastnik agus N. Pintar Gosenca, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Laitvia, ag K. Pommere agus S. Zābele, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag P. P. Huurnink, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Fionlainne, ag A. Laine, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag F. Erlbacher, B. Rous Demiri agus C. Urraca Caviedes, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 18 Meitheamh 2024

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú leis an léiriú atá le déanamh ar an tríú fomhír d'Airteagal 267 CFAE agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh seo mar chuid de dhlíthíocht idir KUBERA, trgovanje s hrano in pijačo, d. o. o. ('KUBERA') agus Republika Slovenija ('Poblacht na Slóivéine'), arna (h)ionadú ag Ministrstvo za finance (an tAire Airgeadais, an tSlóivéin), a bhaineann le beart cánach lena bhféachtar le cearta na maoine intleachtúla a chomhlíonadh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO 2013 L 181, lch. 15):

'I gcás ina sainaithneoidh údaráis chustaim, earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraítear leo ceart maoine intleachtúla a chumhdaítear le cinneadh lenar deonaíodh [iarratas ar an roinn custaim inniúil chun go ngníomhóidh na húdaráis custaim], cuirfidh siad scaoileadh na n-earraí ar fionraí nó coinneoidh siad iad.'

Dlí na Slóivéine

4 De bhun Airteagal 22 de Bhunreacht na Slóivéine:

‘Ráthaítear comhchosaint na gceart do chách in aon imeachtaí os comhair cúirte agus os comhair orgáin eile an Stáit, os comhair comhlachtaí rialtais áitiúil agus os comhair sealbhóirí oifige poiblí, nuair a bhítear ag rialú ar chearta, ar dhualgais nó ar leasanna dlíthiúla duine.’

5 Foráiltear mar seo a leanas leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 22 den Zakon o upravnem sporu (Dlí maidir le díospóidí riaracháin) (Uradni list RS, Uimh. 105/06), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

‘I ndíospóidí riaracháin, beidh feidhm ag forálacha an dlí lena rialaítear an nós imeachta sibhialta a mhéid nach bhforáiltear a mhalairt leis an Dlí seo.”

6 Foráiltear mar seo a leanas leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 367 den Zakon o pravdnem postopku (Dlí maidir leis an nós imeachta sibhialta) (Uradni list RS, Uimh. 73/07), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (‘ZPP’):

‘Féadfaidh na páirtithe achomharc a dhéanamh ar phointe dlí i gcoinne breithiúnas críochnaitheach a tugadh ag an dara céim laistigh de 15 lá tar éis fógra a fháil faoi chinneadh an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach, an tSlóivéin)] chun an t-achomharc [ar phointe dlí] a cheadú.”

7 De réir fhoclaíocht Airteagal 367a den Dlí sin:

‘(1) Ceadóidh an chúirt achomharc ar phointe dlí más féidir a bheith ag súil go rialóidh cinneadh an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)] ar cheist dlí atá tábhachtach chun deimhneacht dhlíthiúil, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí nó forbairt an dlí leis an gcásdlí. Go háirithe, ceadóidh an chúirt achomharc [ar phointe dlí] sna cásanna seo a leanas:

– i gcás ceist dlí ina n-imíonn breith na cúirte dara céime ó chásdlí an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)]; nó

– i gcás ceist dlí nach bhfuil aon chásdlí de chuid an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)] ina leith, go háirithe mura bhfuil cásdlí na n-uaschúirteanna aonfhoirmeach, nó

– más ceist dlí í nach bhfuil cásdlí an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)] aonfhoirmeach ina leith.

(2) Cinneann an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)] achomharc [ar phointe dlí] a cheadú ar bhonn iarratas páirtí ar chead achomhairc [ar phointe dlí].’

8 Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 367b de ZPP:

‘(1) Ní mór do pháirtí an t-iarratas ar chead achomhairc a chur isteach laistigh de 30 lá ó sheirbheáil bhreithiúnas críochnaitheach na cúirte dara céime.

(2) Déanfar an t-iarratas ar chead achomhairc [ar phointe dlí] a thaisceadh leis an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)].

[...]

(4) San iarratas ar chead achomhairc [ar phointe dlí], ní mór don pháirtí a leagan amach go beacht agus go sonrach an cheist dlí atá i gceist agus an riail dlí a líomhnaíonn sé a bheith sáraithe, na himthosca a léiríonn tábhacht na ceiste sin agus ráiteas gearr ar na cúiseanna ar rialaigh an chúirt dara céim uirthi go neamhdhleathach; ní mór tuairisc bheacht agus shonrach a thabhairt ann ar na neamhrialtachtaí nós imeachta líomhnaithe agus, ar an mbealach céanna, a léiriú gurb ann do chásdlí an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)] ónar imigh cinneadh [na cúirte íochtaraí], nó neamhréireacht an chásdlí.'

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 367c de ZPP:

'(1) Déanfaidh painéal de thriúr breithiúna den [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)] rialú le hordú ar an iarratas ar chead achomhairc [ar phointe dlí].

(2) Chun údar a thabhairt le cinneadh lena ndiúltaítear don iarratas ar chead achomhairc [ar phointe dlí], is leor don chúirt a shonrú go ginearálta nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 367a den Dlí seo.

(3) San ordú lena n-údaraítear an t-achomharc [ar phointe dlí], cuirfidh an chúirt an chuid nó na pointí sonracha dlí a gceadófar an t-achomharc [ar phointe dlí] ina leith in iúl.

(4) Níl aon achomharc i gcoinne cinneadh lena gceadaítear nó lena ndiúltaítear achomharc [ar phointe dlí].'

10 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 368 den ZPP:

'Tabharfaidh an [Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach)] breith ar an achomharc ar phointe dlí.'

11 De réir Airteagal 370(1) de ZPP:

'Féadfar achomharc [ar phointe dlí] a thionscnamh mar gheall ar shárú substaintiúil ar fhorálacha lena rialaítear an nós imeachta os comhair na cúirte céadchéime ar ar bhraith an páirtí os comhair na cúirte dara céime, mar gheall ar shárú substaintiúil ar fhorálacha lena rialaítear an nós imeachta os comhair na cúirte dara céime nó mar gheall ar earráid dlí.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

12 Cheannaigh KUBERA, cuideachta trádála bia agus dí, 87 600 canna Red Bull a táirgeadh san Ostair sa Tuirc agus d'iompair sé ar bhád iad chuig calafort Koper (an tSlóivéin) lena n-allmhairiú.

13 Le dhá chinneadh an 5 Deireadh Fómhair 2021, chinn Riarachán Airgeadais Phoblacht na Slóivéine na cannaí sin a choinneáil, de bhun Airteagal 17 de Rialachán Uimh. 608/2013, ar feitheamh thoradh na n-imeachtaí breithiúnacha arna dtionscnamh ag Red Bull GmbH, sealbhóir na gceart maoine intleachtúla a bhaineann leis na cannaí sin, d'fhonn na cearta sin a chosaint.

14 Tar éis na hachomhairc riaracháin a tionscnaíodh i gcoinne na gcinntí sin a dhíbhe, thionscain KUBERA caingne i gcoinne na gcinntí sin os comhair an Upravno sodišče (an Chúirt Riaracháin, an tSlóivéin), a dhíbh iad.

15 Thug KUBERA dhá iarratas os comhair an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ar chead achomharc a dhéanamh ar phointe dlí i gcoinne bhreithiúnais Upravno sodišče (an Chúirt Riaracháin), ina n-áitíonn sí go n-ardaíonn an díospóid sna príomhimeachtaí an cheist an bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 608/2013 maidir le cás ina dtáirgeann sealbhóir na gceart maoine tionsclaíche a bhaineann leis na hearraí sin na hearraí allmhairithe. Is saincheist dlí thábhachtach é sin, de réir bhrí Airteagal 367a de ZPP, lena dtugtar údar le hachomhairc ar athbhreithniú a údarú. Cé go bhfuil KUBERA den tuairim nach bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 608/2013 maidir le cás den sórt sin, iarrann KUBERA, i gcás nach n-aontaíonn an chúirt a rinne an tarchur leis an measúnú sin, go ndéanfaí an cheist sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

16 Iarrann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, an gceanglaítear uirthi leis an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE, chun rialú a thabhairt ar iarratais KUBERA ar chead achomhairc ar phointe dlí, scrúdú a dhéanamh ar iarraidh KUBERA ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú ar dhlí an Aontais. Ar an dara dul síos, fiafraíonn sí, i gcás ina measann sí nach gá tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, an bhfuil sé de cheangal uirthi, faoi Airteagal 47 den Chairt, na cúiseanna ar a bhfuil a cinneadh bunaithe a lua, cé nach mór, faoi Airteagal 367c(2) de ZPP, cinneadh lena ndiúltaítear don iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh ar phointe dlí a bheith ina ábhar do ráiteas gearr ar chúiseanna amháin.

17 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur leigheas urghnách i gcoinne cinneadh breithiúnach críochnaitheach é achomharc ar phointe dlí agus go bhfuil sé beartaithe leis cásdlí a aontú agus a threorú, ar an gcaoi chéanna leis an nós imeachta um réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE. A mhéid atá dlí an Aontais ina chuid de dhlíchóras na Slóivéine, cinntíonn sé freisin, tríd an nós imeachta um athbhreithniú, go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach.

18 Roinntear an nós imeachta um athbhreithniú in dhá chéim, eadhon, ar an gcéad dul síos, an nós imeachta chun a chinneadh an iomchuí achomharc a cheadú ar phointe dlí agus, ar an dara dul síos, má dheonaítear an t-údarú sin, an nós imeachta a bhaineann le substaint an cháis atá i gceist a scrúdú.

19 Ní fhéadfar achomharc ar phointe dlí a cheadú ach amháin ar iarraidh shainráite ó cheann de na páirtithe sa díospóid atá i gceist agus ar an gcoinníoll go léiríonn an iarraidh sin tábhacht oibiachtúil na ceiste dlí atá le cinneadh ag an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach). I gcomhthéacs na céime a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh ar phointe dlí, ba cheart don chúirt sin tosaíocht a thabhairt do leas an phobail sa chiall is leithne, eadhon an gá atá le comhsheasmhacht an chásdlí agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí a áirithiú, seachas leas príobháideach na bpáirtithe sa díospóid. Is 'scagaire' í an chéim sin maidir le rochtain ar an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach), lena bhféachtar lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an Chúirt Uachtarach a ról bunreachtúil go hiomlán agus go dtabharfaidh sí breith laistigh de thréimhse réasúnta ama.

20 Leanann sé ó chásdlí an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) go bhfuil achomharc ar phointe dlí ceadaithe má shuíonn páirtí go leordhóthanach gur imigh an chúirt íochtarach ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nó go n-ardaíonn an cás atá i gceist saincheist a bhaineann le comhréireacht an dlí náisiúnta le dlí an Aontais nach bhfuil aon chásdlí ón Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) ina leith. Cheadaigh an chúirt sin achomhairc ar phointe dlí cheana féin ar an bhforas go raibh an cheist arna hardú tábhachtach ó thaobh léiriú agus chur i bhfeidhm

aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus ó thaobh fhorbairt an dlí náisiúnta de. Dá bhrí sin, chaithfeadh sí le saincheisteanna a bhaineann le dlí an Aontais agus leo siúd a bhaineann leis an dlí náisiúnta ar an gcaoi chéanna.

21 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, áfach, cé nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tábhacht dhlíthiúil cáis a thugtar os a comhair a bheith mar thoradh ar bhreithnithe a bhaineann le dlí an Aontais, nach leor ann féin go bhféadfaí an dlí sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar shubstaint an cháis ná go molann ceann de na páirtithe sa díospóid, ina iarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí, tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, chun an t-achomharc ar phointe dlí a údarú.

22 Dá bhrí sin, ní bheadh an chúirt a rinne an tarchur, faoi ZPP, faoi cheangal scrúdú a dhéanamh, ag céim an nós imeachta chun achomharc a údarú ar phointe dlí, an iomchuí nó nach iomchuí ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú má údaraítear an cheist sin.

23 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin nach bhfuil a cinntí maidir le hiarratais ar chead achomhairc ar phointe dlí faoi réir athbhreithniú breithiúnach faoin dlí náisiúnta agus, nuair a dhiúltaíonn sí achomharc den sórt sin a cheadú, nach luann sí ach nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 367a de ZPP.

24 Mar sin féin, is léir ó chinneadh ón Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil, an tSlóivéin) an 31 Márta 2022 nach mór déileáil leis an iarraidh ó cheann de na páirtithe sa díospóid tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, arna déanamh i gcomhthéacs an iarratais ar chead achomhairc ar phointe dlí, agus scrúdú á dhéanamh ar an iarratais sin. Chinn an Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil) freisin, i gcás ina n-eisíonn an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) cinneadh lena ndiúltaítear d'iarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí, go gceanglaítear le hAirteagal 47 den Chairt, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 22 de Bhunreacht na Slóivéine, ar an gcúirt sin na cúiseanna leis an gcinneadh sin a lua ar an mbonn céanna lena cinntí breithiúnacha. Leanann sé ón gcinneadh sin ón Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil) nach mór don Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach), sa nós imeachta chun achomharc a údarú ar phointe dlí, scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh ar tharchur chuig an gCúirt faoi Airteagal 267 CFAE, agus na critéir a eascraíonn as cásdlí na Cúirte á gcur san áireamh, agus nach mór dó, ina chinneadh gan an t-achomharc a údarú ar phointe dlí, na forais nach ndearna sé tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú a léiriú, chun a chumasú, i gcás inarb iomchuí, don Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil) a fháil amach ar comhlíonadh na coinníollacha chun maolú a dhéanamh ar an oibleagáid tarchur le haghaidh réamhrialú a dhéanamh a leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 267 CFAE, mar a leagtar amach sa chásdlí sin.

25 Cé go bhfuil sí den tuairim, sa chás seo, nach gcomhlíonann iarrataí KUBERA ar chead achomhairc ar phointe dlí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 367a de ZPP agus nach féidir seasamh leo dá bhrí sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise chinneadh Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil) an 31 Márta 2022, go n-ardaíonn an cás sna príomhimeachtaí ceist thábhachtach maidir le léiriú dhlí an Aontais, lena gceanglaítear uirthi tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE.

26 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, chun a chinneadh, ag céim an scrúdaithe ar an iarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí, an gá ceist maidir le léiriú ar dhlí an Aontais a d'ardaigh ceann de na páirtithe sa díospóid a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le

haghaidh réamhrialú, nach mór di measúnú a dhéanamh ar roinnt ceisteanna dlíthiúla gaolmhara. Ba cheart di, go háirithe, a chinneadh an bhfuil dlí an Aontais infheidhme maidir leis an díospóid atá i gceist, an iarrann an páirtí lena mbaineann ar an gCúirt réamhrialú a thabhairt maidir le léiriú ar riail de dhlí an Aontais agus an bhfuil sé iomchuí tarchur le haghaidh réamhrialú a dhéanamh. Chuige sin, bheadh gá, go bunúsach, le scrúdú a dhéanamh ar shubstaint an achomhairc le haghaidh athbhreithniú ag an gcéim sin. Thabharfadh an léiriú a mhol an Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil) maidir leis an oibleagáid a eascraíonn as Airteagal 267 CFAE le tuiscint go mbeadh athrú iomlán ar an gcur chuige a lean an chúirt a rinne an tarchur ina cinntí maidir le hiarratais ar chead chun achomharc a dhéanamh ar phointe dlí. Ina theannta sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire nach mbeadh aon éifeacht phraiticiúil ag réamhrialú a thug an Chúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an nós imeachta chun achomharc a údarú ar phointe dlí, ós rud é gurb ag céim an scrúdaithe ar shubstaint an achomhairc ar phointe dlí amháin ar féidir a chinneadh an bhfuil dlí an Aontais infheidhme maidir leis an gcás atá i gceist agus an bhfuil gá le léiriú ón gCúirt.

27 Iarrann an chúirt a rinne an tarchur freisin, i bhfianaise an nós imeachta a bheith ann chun achomharc a údarú ar phointe dlí dá bhforáiltear le ZPP, an féidir a mheas go dtagann na cinntí breithiúnacha nach bhfuil achomharc den sórt sin údaraithe ina gcoinne ó chúirt náisiúnta nach bhfuil aon leigheas breithiúnach ann faoin dlí náisiúnta i gcoinne a cinntí agus atá faoi réir na hoibleagáide tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, a leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 267 CFAE.

28 Ar deireadh, dá measfadh an Chúirt go bhfuil ar an gcúirt a rinne an tarchur scrúdú a dhéanamh, ag céim an scrúdaithe ar an iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh ar phointe dlí, ar an gceist an bhfuil sé iomchuí tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an bhfuil feidhm freisin ag an oibleagáid cúiseanna a lua a leagtar amach, go háirithe, i mír 51 de bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi* (C-561/19, EU:C:2021:799), maidir le cinntí ina ndiúltaíonn sí d'achomharc ar phointe dlí.

29 Sna himthosca sin, chinn an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

'1. An gcuirtear cosc leis an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE ar [fhorálacha] de [ZPP] [ar dá réir] in imeachtaí a bhaineann le [hiarratas ar chead] a thabhairt chun achomhairc a dhéanamh ar phointe dlí (revizija), faoi nach ndéanann an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach, an tSlóivéin) measúnú i dtaobh an bhfuil oibleagáid ann ceist a tharchur chuig [an gCúirt] le haghaidh réamhrialú de bharr na hiarrata ar réamhrialú arna [tíolacadh] ag páirtí chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh?

2. [I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist a]n gá Airteagal 47 den Chairt, a bhaineann leis an gceanglas [na] cúiseanna ar a bhfuil cinntí breithiúnacha bunaithe [a lua], a léiriú sa chiall gur "cinneadh breithiúnach" é cinneadh nós imeachta lena ndiúltaítear iarratas páirtí ar chead chun achomharc a dhéanamh ar phointe dlí (revizija) faoi [ZPP] agus nach mór na cúiseanna a lua cén fáth nár cheart iarratas an pháirtí go ndéanfaí tarchur chun réamhrialú [chun na Cúirte] a dheonú sa chás atá i gceist?'

Na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

An chéad cheist

30 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar chúirt nó ar bhinse náisiúnta – nach bhfuil aon leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a c(h)uid cinntí cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chead chun achomharc ar phointe dlí a dhéanamh, a bhfuil a thoradh ag brath ar thábhacht na ceiste dlí a d'ardaigh ceann de na páirtithe sa díospóid le haghaidh deimhneacht dhlíthiúil, chun an dlí a chur i bhfeidhm nó a fhorbairt go haonfhoirmeach – diúltú d'iarraidh den sórt sin ar chead gan measúnú a dhéanamh an raibh sé de cheangal uirthi nó air tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais a ardaíodh mar thaca leis an iarraidh sin.

31 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, cé go dtagann eagrú an cheartais sna Ballstáit, go háirithe, bunú, comhdhéanamh, cumhachtaí agus feidhmiú na gcúirteanna uachtaracha náisiúnta faoi inniúlacht na Stát sin, ní lú an ceangal atá ar na Stáit sin, agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu, a n-oibleagáidí atá orthu faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Dá bhrí sin, cé nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais, i bprionsabal, ar na Ballstáit nósanna imeachta a bhunú chun achomhairc nó córais eile a údarú chun tarchuir chuig cúirteanna uachtaracha náisiúnta a roghnú nó a 'scagadh', ní mór do chur chun feidhme na nósanna imeachta nó na gcóras sin na ceanglais a eascraíonn as an dlí sin a chomhlíonadh, go háirithe ó Airteagal 267 CFAE.

33 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbunaítear leis an nós imeachta um réamhrialú dá bhforáiltear san Airteagal sin, arb é bunchloch an chórais bhreithiúnaigh arna bhunú leis na Conarthaí é, idirphlé idir an Chúirt Bhreithiúnais agus cúirteanna agus binsí na mBallstát d'fhonn léiriú aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais a áirithiú. Agus an méid sin á dhéanamh, áirithítear comhsheasmhacht, lánéifeacht agus uathriail an chirt sin leis an nós imeachta sin agus, ar deireadh, a chineál féin (Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*) an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, mír 176, agus breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 27, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas cúirte bunreachtúla)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 73).

34 I gcás nach bhfuil aon leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta i gcoinne cinneadh ó chúirt nó binse náisiúnta, ceanglaítear ar an gcúirt sin, i bprionsabal, tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais, faoin tríú mír d'Airteagal 267 CFAE, i gcás ina dtugtar ceist a bhaineann le léiriú dhlí an Aontais nó le bailíocht gnímh dlí thánaistigh os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *Consiglio Nazionale dei Geologi*, C-136/12, EU:C:2013:489, mír 25; an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 32, agus an 22 Nollaig 2022, *Airbnb Ireland agus Airbnb Payments UK*, C-83/21, EU:C:2022:1018, mír 79).

35 Tagann an oibleagáid atá ar chúirteanna nó binsí náisiúnta nach bhfuil aon leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta i gcoinne a gcinntí ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú faoi chuimsiú an chomhair, arna bhunú chun cur i bhfeidhm ceart agus léirmhíniú aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú sna Ballstáit go léir, idir na cúirteanna náisiúnta, ina gcáil mar bhreithiúna atá freagrach as cur i bhfeidhm an dlí sin, agus an Chúirt Bhreithiúnais. Is é is cuspóir don oibleagáid sin, go háirithe, cosc a chur, in aon Bhallstát, ar chásdlí náisiúnta a bhunú nach bhfuil i gcomhréir le rialacha dhlí an Aontais (breithiúnais an 24 Bealtaine 1977, *Hoffmann-La Roche*, 107/76, EU:C:1977:89, mír 5; an 4 Meitheamh 2002, *Lyckeskog*, C-99/00, EU:C:2002:329, mír 14, agus an 4 Deireadh Fómhair 2018, *an Coimisiún* v *an Fhrainc* (Cáin shiarchoinneálach), C-416/17, EU:C:2018:811, mír 109).

36 Ní féidir cúirt náisiúnta nach bhfuil aon leigheas breithiúnach ann faoin dlí náisiúnta i gcoinne a breitheanna a scaoileadh ón oibleagáid a leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 267 CFAE ach amháin i gcás inar chinn sí nach bhfuil an cheist a ardaíodh ábhartha nó gur léirmhínigh an Chúirt cheana féin an fhoráil de dhlí an Aontais atá i gceist nó go bhfuil an léiriú ceart ar dhlí an Aontais chomh soiléir sin nach bhfágtar aon amhras réasúnach léi (breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 1982, *Cilfit agus páirtithe eile*, 283/81, EU:C:1982:335, mír 21; agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 33).

37 Ní mór do chúirt nó binse náisiúnta den sórt sin a mheas, go neamhspleách agus le gach cúram cuí, ar a freagracht féin, an bhfuil sé faoi oibleagáid an cheist maidir le dlí an Aontais a ardaíodh os a comhair a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais nó, os a choinne sin, an bhfuil sí i gceann de na cásanna dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, lena gceadaítear í a scaoileadh ón oibleagáid sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Meán Fómhair 2005, *Intermodal Transports*, C-495/03, EU:C:2005:552, mír 37, agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 I gcás ina bhfuil ceann de na cásanna sin os a comhair, ní cheanglaítear ar an gcúirt náisiúnta sin, dá bhrí sin, tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt, faoin tríú mír d'Airteagal 267 CFAE, fiú má ardaíonn páirtí sna himeachtaí os a comhair an cheist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais (féach, chuige sin, an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach dtagann cinntí cúirte náisiúnta a bhféadfadh na páirtithe agóid a dhéanamh ina gcoinne os comhair na cúirte uachtaraí náisiúnta ó '[chúirt] nó binse de chuid Ballstáit, agus nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh chinntí na cúirte nó an bhinse sin' de réir bhrí Airteagal 267 CFAE. Níl sé d'éifeacht ag an bhfíoras go bhfuil an scrúdú ar shubstaint na n-agóidí sin, arna leagan amach, mar atá sna príomhimeachtaí, i gcomhthéacs achomhairc ar phointe dlí, faoi réir nós imeachta chun an t-achomharc sin a údarú ag an gcúirt uachtarach náisiúnta sin, leigheas a bhaint de na páirtithe (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Meitheamh 2002, *Lyckeskog*, C-99/00, EU:C:2002:329, mír 16, agus an 16 Nollaig 2008, *Cartesio*, C-210/06, EU:C:2008:723, mír 76). Dá bhrí sin, ós rud é gurb ann do nós imeachta den sórt sin, ní féidir an chúirt íochtarach ar féidir agóid a dhéanamh i gcoinne a cinnidh in achomharc den sórt sin a iompú ina cúirt náisiúnta nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh a cinntí agus ar a bhforchuirtear, dá bhrí sin, an oibleagáid tarchur a dhéanamh a leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 267 CFAE.

40 Os a choinne sin, tá an oibleagáid sin ar chúirt uachtarach náisiúnta, amhail an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach), faoi réir an méid a meabhraíodh i mír 36 den bhreithiúnas seo.

41 Sa chás seo, is léir ó Airteagal 367a(1) de ZPP agus ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, d'fhonn a chinneadh an gá achomharc ar phointe dlí a cheadú, go scrúdaíonn an chúirt sin an ardaítear saincheist dlí atá tábhachtach chun deimhneacht dhlíthiúil, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí nó forbairt an dlí a áirithiú sa chás os a comhair.

42 Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go mbaineann na cásanna sonracha dá dtagraítear san fhoráil sin go heisiach le cásanna arb é is príomhthréith dóibh, maidir le ceist an dlí a ardaíodh, éagsúlacht i gcinneadh ó chúirt dara céime náisiúnta ó chásdlí na cúirte uachtaraí náisiúnta, nó easpa cásdlí na cúirte sin, nó easpa aonfhoirmeachta i gcásdlí na cúirte sin nó na n-uaschúirteanna. Ní thagraíonn aon cheann de na cásanna sin, ar an taobh eile, do dhlí an Aontais, go háirithe do stádas chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an tsaincheist a ardaíodh mar thaca le hiarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí.

43 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go léiríonn sí an fhoráil sin sa chaoi nach gceanglaítear uirthi a mheas, le linn scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí, an iomchuí nó nach iomchuí, i gcomhthéacs an nós imeachta um athbhreithniú, tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le ceist dhlí an Aontais a ardaíodh mar thaca leis an iarraidh sin.

44 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin, i gcás nach gceadaítear achomharc ar phointe dlí, go gcuirtear clabhsúr cinntitheach ar na himeachtaí leis an gcinneadh sin. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le léiriú ar dhlí an Aontais arna ghlacadh ag an gcúirt íochtarach sa dlíchóras náisiúnta atá i gceist, fiú dá mbeadh údar le tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú mar gheall ar an gceist a ardaíodh mar thaca leis an iarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí.

45 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go n-eascródh as reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta den sórt sin staid nach gcuirfí ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais, cé go dtarraingíonn páirtí í os comhair an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) nó nach mór don chúirt sin í a tharraingt anuas i bhfianaise cheist an dlí arna cur ar aghaidh ag an bpáirtí sin agus nach dtagann faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 36 den bhreithiúnas seo, faoi bhráid na Cúirte, de shárú ar an oibleagáid a fhorchuirtear ar an gcúirt náisiúnta sin leis an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE.

46 D'fhéadfadh cás den sórt sin dochar a dhéanamh d'éifeachtacht an chórais comhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, a bhunaítear in Airteagal 267 CFAE, agus do bhaint amach na gcuspóirí a bhféachtar leo leis an Airteagal sin a bhaint amach, go háirithe cosc a chur, in aon Bhallstát, ar chásdlí náisiúnta a bhunú nach gcomhlíonann rialacha dhlí an Aontais.

47 Ní thugtar an léiriú sin faoi cheist leis an gcásdlí a eascraíonn as breithiúnais an 15 Márta 2017, *Aquino* (C-3/16, EU:C:2017:209, mír 56), agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi* (C-561/19, EU:C:2021:799, mír 61), ar dá réir a fhéadfaidh cúirt náisiúnta nó binse náisiúnta, nach bhfuil aon leigheas dlí faoin dlí náisiúnta in aghaidh a c(h)inntí, staonadh ó cheist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú ar fhorais do-ghlacthachta a bhaineann go sonrach leis na himeachtaí os comhair na cúirte/an bhinse náisiúnta sin, faoi réir chomhlíonadh phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.

48 Bhain an chéad cheann de na breithiúnais sin go bunúsach le riail náisiúnta faoina bhfuil foras achomhairc do-ghlactha i gcás nach bhféachtar leis ach le hagóid a dhéanamh i gcoinne foras amháin den bhreithiúnas atá faoi achomharc cé go bhféadfadh na forais eile údar a thabhairt leis an mbreithiúnas sin astu féin (breithiúnas an 15 Márta 2017, *Aquino*, C-3/16, EU:C:2017:209, mír

54). Bhain an dara ceann de na breithiúnais sin le riail náisiúnta ar dá réir nach mór a dhearbhú go bhfuil ceist nua a d'ardaigh páirtí tar éis an chaingean a thabhairt os comhair na cúirte/an bhinse náisiúnta ag an gcéim dheiridh do-ghlactha ar an bhforas go n-athraíonn sí ábhar na díospóide (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 60).

49 Bhain na cásanna as ar eascair na breithiúnais dá dtagraítear sa mhír roimhe seo le rialacha náisiúnta lena leagtar síos coinníollacha inghlacthachta de chineál nós imeachta amháin, a chuir cosc, dá ndéantaí iad a neamhchomhlíonadh, ar rialú na cúirte náisiúnta ag an gcéim dheiridh scrúdú a dhéanamh ar shubstaint an achomhairc.

50 Murab ionann agus rialacha den sórt sin, ceanglaítear le critéar chun achomharc a údarú ar phointe dlí amhail an ceann a leagtar síos in Airteagal 367a(1) de ZPP ar an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) scrúdú a dhéanamh ar thábhacht na ceiste dlí a ardaíodh mar thaca leis an iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ar mhaithe le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí nó ar mhaithe le forbairt an dlí.

51 Agus an méid sin sainithe, is léir freisin ó chásdlí socair go gceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta leis an bprionsabal nach mór an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, i gcomhréir, *inter alia*, leis an toirmeasc ar léiriú *contra legem* ar an dlí náisiúnta, gach a bhfuil laistigh dá ndlínse a dhéanamh, agus corpas iomlán an dlí náisiúnta á chur san áireamh agus na modhanna léirmhínitheacha a aithníonn siad á gcur i bhfeidhm, chun a áirithiú go bhfuil an fhoráil de dhlí an Aontais atá i gceist lánéifeachtach agus chun teacht ar thoradh atá comhsheasmhach leis an gcuspóir atá á shaothrú leis an dlí sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Deireadh Fómhair 2004, *Pfeiffer agus páirtithe eile*, C-397/01 go C-403/01, EU:C:2004:584, míreanna 118 agus 119; an 29 Meitheamh 2017, *Popławski*, C-579/15, EU:C:2017:503, míreanna 31 go 34; agus an 11 Iúil 2024, *Skarb Państwa (Moill íocaíochta neamhshuntasach nó éilimh lag)*, C-279/23, EU:C:2024:605, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Leis an oibleagáid maidir leis an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta cásdlí bunaithe a athrú, i gcás inar gá, má tá sé bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta atá ar neamhréir le cuspóirí dhlí an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, ní fhéadfadh an chúirt náisiúnta a mheas, agus cúis mhaith a bheith aici, go bhfuil léiriú ar fhoráil den dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais dodhéanta toisc gur minic a ndearnadh léiriú ar an bhforáil sin ar chaoi atá ar neamhréir leis an dlí sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Aibreán 2016, *DI*, C-441/14, EU:C:2016:278, míreanna 33 agus 34; an 17 Aibreán 2018, *Egenberger*, C-414/16, EU:C:2018:257, míreanna 72 agus 73, agus an 11 Iúil 2024, *Skarb Państwa (Moill íocaíochta neamhshuntasach nó éilimh lag)*, C-279/23, EU:C:2024:605, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Ós rud é nach bhfuil dlínse ach ag na cúirteanna náisiúnta an dlí náisiúnta a léiriú, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheas an féidir an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí a léiriú i gcomhréir le ceanglais Airteagal 267 CFAE. Bíodh sin mar atá, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé treoir úsáideach áirithe a thabhairt don chúirt sin i bhfianaise na faisnéise a leagtar amach san ordú tarchuir (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Aibreán 2024, *Profi Credit Polska (Athoscailt an nós imeachta arna thabhairt i gcrích le cinneadh críochnaitheach)*, C-582/21, EU:C:2024:282, mír 64).

54 Sa chás seo, mar is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil maidir leis an bhforbairt a eascraíonn as cásdlí Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil) dá dtagraítear i mír 24 den bhreithiúnas seo, dealraíonn sé gur féidir an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais.

55 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach cosúil go gcuirtear toirmeasc, le forálacha ZPP atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) measúnú a dhéanamh, i gcomhthéacs an nós imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí, an gá an cheist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais a ardaíodh mar thaca leis an iarraidh sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú nó, a mhalairt ar fad, an dtagann sí faoi cheann de na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 36 den bhreithiúnas seo.

56 Go háirithe, is cosúil nach cásanna uileghabhálacha iad na cásanna a leagtar amach in Airteagal 367a, mír 1 de ZPP. Sna himthosca sin, dealraíonn sé go bhféadfaí an fhoráil sin a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an oibleagáid a leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 267 CFAE sa chaoi go n-áirítear leis an gcritéar maidir le tábhacht na ceiste dlí a ardaítear le haghaidh deimhneacht dhlíthiúil, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí nó forbairt an dlí, a leagtar amach san fhoráil náisiúnta sin, an cás ina n-ardaíonn an páirtí sa díospóid atá ag iarraidh cead achomharc a dhéanamh ar phointe dlí ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais nach dtagann faoi aon cheann de na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 36 den bhreithiúnas seo agus lena gceanglaítear, dá bhrí sin, go ndéanfaí tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ag féachaint do na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 267 CFAE agus a mheabhraítear i míreanna 33 go 35 den bhreithiúnas sin.

57 Níl scrúdú níos mionsonraithe i gceist leis an measúnú dá dtagraítear i mír 55 den bhreithiúnas seo ná an scrúdú a cheanglaítear ar an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) a dhéanamh faoi Airteagal 367a, fomhír 1 agus Airteagal 367b, fomhír 4 de ZPP, ós rud é nach gceanglaítear leis an measúnú sin ach ar an gcúirt sin amháin ábharthacht na ceiste a ardaíodh chun an díospóid atá os a comhair a réiteach a shásamh agus a fhíorú, i gcás inarb iomchuí, an gá léiriú na forála de dhlí an Aontais dá dtagraítear sa cheist sin a fháil ón gCúirt ar an bhforas nach dtagann sí faoi aon cheann de na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 36 den bhreithiúnas sin.

58 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil an oibleagáid atá ar chúirt nó binse náisiúnta nach bhfuil leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a b(h)reitheanna, faoin tríú mír d'Airteagal 267 CFAE, seachas de bhun na n-eisceachtaí sin, gan dochar dá f(h)reagracht cinneadh a dhéanamh maidir leis an tráth sna himeachtaí náisiúnta ar cheart ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 56). Ina theannta sin, is faoin gcúirt sin atá sé a mheas an bhfuil sé ar mhaithe le dea-riarachán an cheartais nach n-ardófaí an cheist sin ach amháin tar éis díospóireacht sáraíochta (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Feabhra 2017, *Tolley*, C-430/15, EU:C:2017:74, mír 32).

59 Dá bhrí sin, is faoi chúirt uachtarach náisiúnta – ar tugadh iarratas ar chead achomhairc os a comhair ar phointe dlí agus atá faoi oibleagáid tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú – atá sé a chinneadh an iomchuí an t-ábhar a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais ag céim an scrúdaithe ar an iarratas sin nó ag céim níos déanaí (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Meitheamh 2002, *Lyckeskog*, C-99/00, EU:C:2002:329, mír 18). Má chinneann sí a hiarraidh ar réamhrialú a dhéanamh ag céim an scrúdaithe ar an iarratas ar chead

chun achomharc a dhéanamh ar phointe dlí, ní mór di próiseáil na hiarrata sin a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar an réamhrialú agus an cinneadh sin a chur chun feidhme ina dhiaidh sin agus measúnú á dhéanamh aici ar cheart an t-achomharc ar phointe dlí a cheadú.

60 I bhfianaise don mhéid thuasluaite, is fiú an chéad cheist a fhreagairt amhail nach mór an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar chúirt nó ar bhinse náisiúnta – nach bhfuil aon leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a c(h)uid cinntí cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chead chun achomharc ar phointe dlí a dhéanamh, a bhfuil a thoradh ag brath ar thábhacht na ceiste dlí a d'ardaigh ceann de na páirtithe sa díospóid le haghaidh deimhneacht dhlíthiúil, chun an dlí a chur i bhfeidhm nó a fhorbairt go haonfhoirmeach – diúltú d'iarraidh den sórt sin ar chead gan measúnú a dhéanamh an raibh sé de cheangal uirthi nó air tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais a ardaíodh mar thaca leis an iarraidh sin.

An dara ceist

61 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 267 CFAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi nach mór do chúirt nó binse náisiúnta nach bhfuil leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a breitheanna na forais ar a ndearna sí an tarchur sin a leagan amach sa chinneadh lena ndiúltaíonn sí/sé d'iarratas ar chead chun dul ar aghaidh le hathbhreithniú, lena n-áirítear iarraidh chun tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais.

62 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go leanann sé ón gcóras a bunaíodh le hAirteagal 267 CFAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, i gcás ina measann cúirt nó binse náisiúnta nach bhfuil aon leigheas breithiúnach ann i gcoinne a c(h)inntí faoin dlí náisiúnta, ar an bhforas go bhfuil ceann de na trí chás a luaitear i mír 36 den bhreithiúnas seo os a c(h)omhair, go bhfuil sí/sé díolmhaithe ón oibleagáid tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, dá bhforáiltear sa tríú mír d'Airteagal 267 CFAE, nach mór do na forais lena c(h)inneadh a léiriú nach bhfuil an cheist maidir le dlí an Aontais a ardaíodh ábhartha do réiteach na díospóide, nó go bhfuil léiriú na forála ábhartha de dhlí an Aontais bunaithe ar chásdlí na Cúirte, nó, in éagmais cásdlí den sórt sin, go bhfuil léiriú dhlí an Aontais ceangailteach ar an gcúirt nó binse náisiúnta agus í/é ag breithniú sa chéim dheireanach, gan aon amhras réasúnach (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 51).

63 Leanann sé ó fhreagra na chéad cheiste, gan dochar do chur i bhfeidhm foras do-ghlacthachta de chineál nós imeachta amháin amhail na forais dá dtagraítear i mír 49 den bhreithiúnas seo, nach féidir le cúirt uachtarach náisiúnta amhail an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) diúltú d'iarratas ar chead achomhairc ar phointe dlí lena n-ardaítear ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais gan measúnú a dhéanamh ar dtús an gceanglaítear uirthi an cheist sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú nó an dtagann an cheist sin faoi cheann de na heisceachtaí a leagtar amach i mír 36 den bhreithiúnas sin.

64 Dá bhrí sin, i gcás ina gcinneann an chúirt uachtarach náisiúnta diúltú d'iarraidh den sórt sin faoi cheann de na heisceachtaí sin, ní mór don chinneadh sin an ceanglas maidir le cúiseanna a lua dá dtagraítear i mír 62 den bhreithiúnas seo a chomhlíonadh.

65 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 267 CFAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt um chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi nach mór do chúirt nó do bhinse náisiúnta nach bhfuil aon leigheas dlí ann i gcoinne a cinntí nó a chinntí faoin dlí náisiúnta a leagan amach, sa chinneadh lena ndiúltaíonn sí nó sé d'iarratas ar chead chun dul ar aghaidh le hathbhreithniú lena n-áirítear iarraidh chun ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais, na cúiseanna nach ndearna sí nó sé an tarchur sin, eadhon nach bhfuil an cheist sin ábhartha do thoradh na díospóide, nó toisc gur léirigh an Chúirt an fhoráil de dhlí an Aontais atá i gceist cheana féin, nó go bhfuil léiriú ceart dhlí an Aontais chomh soiléir sin nach bhfágann sé aon amhras réasúnach.

Costais

66 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Ní mór an tríú fomhír d'Airteagal 267 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar chúirt nó ar bhinse náisiúnta nach bhfuil aon leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a c(h)uid cinntí cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chead chun athbhreithniú a dhéanamh ar achomharc a bhfuil a thoradh ag brath ar thábhacht na ceiste dlí a d'ardaigh ceann de na páirtithe sa díospóid le haghaidh deimhneacht dhlíthiúil, chun an dlí a chur i bhfeidhm nó a fhorbairt go haonfhoirmeach, diúltú d'iarraidh den sórt sin ar chead gan measúnú a dhéanamh an raibh sé de cheangal uirthi nó air tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le ceist a bhaineann le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais a ardaíodh mar thaca leis an iarraidh sin.**

2. **Ní mór Airteagal 267 CFAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt um chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi nach mór do chúirt nó do bhinse náisiúnta nach bhfuil aon leigheas dlí ann i gcoinne a cinntí nó a chinntí faoin dlí náisiúnta a leagan amach, sa chinneadh lena ndiúltaíonn sí nó sé d'iarratas ar chead chun dul ar aghaidh le hathbhreithniú lena n-áirítear iarraidh chun ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú nó bailíocht forála de dhlí an Aontais, na cúiseanna nach ndearna sí nó sé an tarchur sin, eadhon nach bhfuil an cheist sin ábhartha do thoradh na díospóide, nó toisc gur léirigh an Chúirt an fhoráil de dhlí an Aontais atá i gceist cheana féin, nó go bhfuil léiriú ceart dhlí an Aontais chomh soiléir sin nach bhfágann sé aon amhras réasúnach.**

Sínithe